2022. S28T

2022J005C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2022

# Tíreolaíocht

## Comhleibhéal

**Dé hAoine 10 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:30**

360 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**Lá agus Mí do Bhreithe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

Mar shampla, cuirtear 3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

| Don Scrúdaitheoir Amháin | | |
|---|---|---|
| **Ceist** | **Scr.** | **Scr. Comh.** |
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |
| 7 | | |
| 8 | | |
| 9 | | |
| Iomlán | | |
| Bónas | | |
| **Móriom.** | | |
| Grád | | |

## Treoracha

Tá **naoi** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair gach ceist.

Níl na ceisteanna go léir ar cómharc.


Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.  Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo.  Tá spás ag deireadh an leabhráin d’obair bhreise.  Déan deimhin de go ndéanann tú aon obair bhreise a uimhriú go cúramach, trí uimhir na ceiste agus páirt na ceiste a chur taobh le do chuid oibre.

Soláthraítear Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus eochair eolais ar leithligh ón bpáipéar seo.

**Ceist 1**

**(a)** Scrúdaigh an léarscáil thíos ar a dtaispeántar na cineálacha carraige a fhaightear i gContae Mhaigh Eo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.




**(i)** Cén cineál carraige is féidir a fháil ag an suíomh a bhfuil an lipéad **A** air?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Eibhear ☐ Aolchloch ☐ Grianchloichít ☐

**(ii)** Ainmnigh an charraig dhríodair a fhaightear sa limistéar a bhfuil **B** marcáilte air.

**(iii)** Ainmnigh an bhruthcharraig **amháin** a thaispeántar ar an léarscáil thuas.

**(b)** Léigh an t-alt thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanann é.



### Plean chun Cruach Phádraig, áit a bhíonn gnóthach, a chosaint

Dúirt riarthóir Pharóiste Naomh Muire i gCathair na Mart gur tosca aeráide is cúis le cuid den síonchaitheamh agus den chreimeadh ar an sliabh. Daoine is cúis leis an gcuid is mó de, áfach, mar go bhfuil tóir bhreise ar an sliabh mar ionad dreapadóireachta, sliabh a mheallann 100,000 dreapadóir gach bliain, meastar.

**(i)** Cé mhéad duine a thugann cuairt ar Chruach Phádraig gach bliain de réir na meastachán?

**(ii)** D’fhéadfaí teorainn a chur le líon na ndreapadóirí a cheadaítear ar Chruach Phádraig de thoradh damáiste an tsíonchaithimh agus an chreimthe. Dá bharr sin, tá cosúlacht ar an scéal go mbeidh níos lú turasóirí ag tabhairt cuairt ar an gceantar.
Déan cur síos go hachomair tionchar geilleagrach **amháin** a d’fhéadfadh a bheith aige sin ar an gceantar áitiúil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Ainmnigh agus mínigh próiseas síonchaithimh mheicniúil **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. Úsáid léaráid lipéadaithe chun do fhreagra a léiriú.

| |
|---|
| Ainm an phróisis: |
| Míniúchán: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Tá spás do léaráid(í) ar an chéad leathanach eile*

| |
|---|
| Léaráid lipeadaithe: |

**Ceist 2**

**(a)** **(i)** Ainmnigh monarcha i do cheantar áitiúil a ndearna tú staidéar uirthi.

| |
|---|
| |

**(ii)** Agus úsáid á baint agat as eolas ón monarcha atá ainmnithe thuas, ainmnigh **dhá** ionchur, **dhá** phróiseas agus **dhá** aschur ón monarcha sin.

| | |
|---|---|
| **Ionchuir** | **1:** |
| | **2:** |

| | |
|---|---|
| **Próisis** | **1:** |
| | **2:** |

| | |
|---|---|
| **Aschuir** | **1:** |
| | **2:** |

**(iii)** Cé acu ceann de na ráitis seo a leanas is fearr a dhéanann cur síos ar thionscal gan chuing?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Tionscal is féidir a lonnú i líon mór áiteanna éagsúla gan bheith nasctha le tosca táirgeachta. ☐

Tionscal ar gá dó a bheith lonnaithe gar d’amhábhair thoirtiúla. ☐



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Taispeántar an ceantar timpeall ar Chalafort Ros Láir san aerfótagraf thíos.




Tá monarchana ag cuideachta ilnáisiúnta sa cheantar agus tá sé socraithe ag an gcuideachta monarcha nua a thógáil san ionad atá marcáilte le **X**.

**(i)** Cé acu ceann de na ceantair seo a leanas ar féidir na foirginimh thionsclaíocha a fheiceáil iontu san fhótagraf thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Iarthuaisceart ☐
Thoir theas ☐
Thiar theas ☐


**(ii)** Mínigh **dhá** chúis go mba shuíomh maith le haghaidh monarchan é an ceantar atá marcáilte le **X**. Bíodh fianaise ón bhfótagraf agat chun tacú le gach cúis.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(c)** Scrúdaigh an t-alt thíos faoi chuideachta ilnáisiúnta atá chun monarcha amháin dá cuid a bhogadh chuig suíomh eile agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.




Shocraigh cuideachta ilnáisiúnta a bhfuil a ceannoifig sna Stáit Aontaithe, a monarcha in Éirinn a athlonnú i Vítneam, san Áise. Dá bharr sin, caillfear 400 post sa bhaile mór in Éirinn mar a bhfuil an mhonarcha lonnaithe faoi láthair.


**(i)** Ainmnigh tionchar **amháin** a bheidh ag an athlonnú sin agus atá luaite san alt thuas.

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** a dhéanfadh cuideachta ilnáisiúnta cinneadh monarcha a bhogadh as tír fhorbartha amháin, mar Éirinn, chuig tír i mbéal forbartha, mar Vítneam.

**(iii)** Conas a thaispeánann an cinneadh sin a rinne cuideachta ilnáisiúnta monarcha dá cuid a bhogadh chuig tír eile go bhfuilimid ag maireachtáil i saol atá domhandaithe agus idirnasctha?

**Ceist 3**

**(a)** Scrúdaigh an fótagraf de limistéar cósta a thaispeántar thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.




**(i)** Meaitseáil gach ceann de na lipéid ar an bhfótagraf **1** go **5** leis an ngné is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos. Tá ceann amháin déanta duit.

| Gné | Uimhir |
|---|---|
| Ceann tíre | **2** |
| Staca farraige | |
| Trá | |
| Aill | |
| Cuan | |

**(ii)** Is teach saoire é an teach atá marcáilte le **X** san fhótagraf. Déan cur síos cúis **amháin** a meallfaí cuairteoirí chuig an limistéar san fhótagraf.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(iii)** Mínigh an bealach a n-iompraíonn síobadh feadh cladaigh ábhar feadh an chósta. Féadfaidh tú léaráid a tharraingt freisin más mian leat.


| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Spás i gcomhair léaráide (roghnach) |

**(b)** Scrudaigh léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolas a thugtar leis an bpáipéar seo. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Comhlánaigh an sracléarscáil de limistéar Ros Láir ar leathanach 11 trí gach ceann díobh seo a leanas a thaispeáint agus a lipéadú:

- Bóthar príomha náisiúnta an N25
- An líne iarnróid
- Sampla **amháin** de lóistín do thurasóirí
- Rud **amháin** is díol suime do thurasóirí.

Sracléarscáil de Limistéar Ros Láir, 2022




**(ii)** Cad é an fad ina líne dhíreach idir an dá stáisiún traenach ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

2.8 ciliméadar ☐ 4.5 ciliméadar ☐ 9 ciliméadar ☐

**(iii)** Ainmnigh **dhá** feidhm uirbeach i gceantar Ros Láir **agus** bíodh fianaise na léarscáile agat le haghaidh gach feidhme acu sa tábla thíos. Tá feidhm amháin agus fianaise na feidhme sin as an léarscáil tugtha sa tábla thíos duit.


| Feidhm Uirbeach | Fianaise ar Fheidhm as an Learscáil |
|---|---|
| Turasóir | Trá |
| | |
| | |



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 4**

**(a)** Scrúdaigh samhail an trasdula dhéimeagrafaigh thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas trí thic (✓) a chur sa bhosca ceart do gach ceann díobh.




| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Tá an ráta breithe ag fás le linn chéim 3. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Tá an ráta báis ag an bpointe is airde i gCéim 4. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá fás iomlán an daonra i gcéim 4 níos moille ná mar atá i gcéim 2. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Is í an t-aon chúis a dtagann fás ar an daonra ná go mbíonn an ráta báis níos ísle ná an ráta breithe. | ☐ | ☐ |

**(b)** Déan staidéar ar an tábla thíos ina dtaispeántar sonraí a bhaineann le rátaí breithe agus báis, le hoideachas agus le hioncam i gcás na hÉireann, na Súdáine agus Siarra Leon agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

| | **Rátaí breithe agus báis 2016** | | **Meánbhlianta scolaíochta** | | **Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine ($SAM)** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ráta breithe (in aghaidh an 1,000) | Ráta báis (in aghaidh an 1,000) | Mná | Fir | Mná | Fir |
| **Éire** | 13.4 | 6.4 | 13 | 12 | 44,921 | 66,583 |
| **An tSúdáin** | 32.9 | 7.3 | 3 | 4 | 1,759 | 6,168 |
| **Siarra Leon** | 34.5 | 12.3 | 3 | 4 | 1,238 | 1,525 |

**(i)** Cé acu tír ón tábla ar leathanach 12 a bhfuil na meánbhlianta scolaíochta is airde le haghaidh na bhfear/bhfireannach aici?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Éire ☐ An tSúdáin ☐ Siarra Leon ☐

**(ii)** Cad é an tOllioncam Náisiúnta in aghaidh an duine ($SAM) a bhí ann i gcás na mban/mbaineannach i Siarra Leon?

| |
|---|
| |

**(iii)** Ríomh an méadú nádúrtha sa daonra (in aghaidh an 1,000) san tSúdáin do 2016.

| |
|---|
| Sracobair roghnach: |
| Freagra: |

**(c)** Léigh an t-alt thíos faoi thionscadal cabhrach i nDeisceart na Súdáine agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanann é.

**Tionscadal Cabhrach i nDeisceart na Súdáine**

Nuair a cuireadh tús leis an tionscadal/togra cabhrach in 2016, ní raibh aon scoileanna ann. Ó shin i leith tá foirgnimh nua scoile tógtha ag an bpobal agus tá páirt mhór á glacadh ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí trí Chumainn Tuismitheoirí agus Múinteoirí.
Cuireadh oiliúint ar 130 múinteoir san iomlán leis an tionscadal, agus tá teacht ag breis agus 7,000 dalta ar spásanna agus ar ábhair foghlama.

**(i)** Cé mhéad múinteoir a oileadh mar chuid den tionscadal cabhrach seo?

| |
|---|
| |

**(ii)** Cén t-ainm is coitianta a thugtar ar an gcabhair a bhfuil tuairisc uirthi san alt?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Cabhair éigeandála ☐
Cabhair forbartha ☐



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(iii)** Féadann oideachas le haghaidh daoine óga tionchar a bheith aige ar ionannas inscne agus ar ionchas saoil.


Mínigh an chaoi ar féidir go mbíonn tionchar ag soláthar oideachais i gcás daoine óga ar ionannas inscne **nó** ar ionchas saoil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

**(a)** **(i)** Úsáid na téarmaí sa bhosca chun an léaráid de phróifíl na hithreach thíos a lipéadú i gceart. Tá ceann amháin déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ~~Húmas~~ | Buncharraig | Barrithir | Fo-ithir |




**(ii)** Ainmnigh cineál **amháin** ithreach a ndearna tú staidéar uirthi.

**(b)** Scrúdaigh an t-aerfótagraf agus an sliocht léarscáile thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.






**(i)** Cé acu ceann de na cineálacha foraoise seo a leanas is coitianta sa chearnóg eangaí a thaispeántar thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Forais bhuaircíneach ☐ Coillearnach dhuillsilteach ☐



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(ii)** Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil, seachas foraoiseacht.

**(iii)** Mínigh bealach **amháin** a raibh tionchar ag an tírdhreach fisiceach ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla sa limistéar a thaispeántar san aerfótagraf agus/nó sa sliocht léarscáile ar leathanach 15.

**(iv)** Mínigh iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le dífhoraoisiú.

**Ceist 6**

**(a)** Léigh an t-alt thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

Tá sé beartaithe go méadófar cion fhuinneamh in-athnuaite na hÉireann trí mheán na Scéime Tacaíochta um Leictreachas In-Athnuaite. Faoin mbliain 2030 ba cheart go mbeadh 70% d'fhuinneamh na hÉireann ina fhuinneamh in-athnuaite.
Dúirt an tAire um Ghníomhaíocht Aeráide "Faoi láthair, tá Éire ag brath ar bhreosla iontaise i gcomhair 86% dá cuid fuinnimh. Ní mór dúinn an spleáchas sin a laghdú agus bogadh i dtreo fuinneamh atá níos glaine agus níos in-athnuaite"



**(i)** De réir an ailt, cén céatadán den leictreachas ar cheart dó bheith in-athnuaite faoin mbliain 2030?

**(ii)** Faoi láthair, tá Éire ag brath ar bhreosla iontaise i gcomhair 86% dá cuid fuinnimh. Cén **dá cheann** acu seo a leanas ar samplaí de bhreoslaí iontaise iad?
Cuir tic (✓) sa **dá** bhosca chearta.


- Fuinneamh na gréine ☐
- Gual ☐
- Cumhacht hidrileictreach ☐
- Móin ☐

**(iii)** Mínigh go hachomhair an difríocht idir fuinneamh in-athnuaite agus fuinneamh neamh-inathnuaite.



| roimhe | lch | reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

**(b)** Scrúdaigh an sliocht as Léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thíos ina dtaispeántar sráidbhaile Theampall Tuaithe agus Feirm Ghaoithe na Breacánaí.




Thosaigh Bord na Móna ar an bhforbairt ar Fheirm Ghaoithe na Breacánaí in 2014. Tá sé d'acmhainn ag an bhfeirm ghaoithe cumhacht a chur ar fáil do 25,000 teach in aghaidh na bliana.

**(i)** Cá mhéad teach ar féidir le Feirm Ghaoithe na Breacánaí cumhacht a sholáthar dóibh in aghaidh na bliana?

**(ii)** Cad é gar-achar Fheirm Ghaoithe na Breacanaí? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

4 km$^2$ ☐ 7 km$^2$ ☐ 15 km$^2$ ☐

**(iii)** Taispeántar an limistéar talún is airde laistigh den fheirm ghaoithe ar an sliocht léarscáile thuas mar spota airde 133 méadar.
Tabhair suíomh an spota airde seo mar thagairt eangaí sé fhigiúr.

**(iv)** Chuir na daoine a bhí ina gcónaí i sráidbhaile Theampall Tuaithe in aice láimhe argóintí chun tosaigh i bhfabhar agus i gcoinne Fheirm Ghaoithe na Breacánaí a fhorbairt.

Mínigh go mion argóint **amháin** i bhfabhar **nó** argóint **amháin** i gcoinne fhorbairt na feirme gaoithe arbh fhéidir gur chuir muintir Theampall Tuaithe chun tosaigh í.



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 7**

**(a)** Scrúdaigh an t-aerfótagraf thíos ina dtaispeántar an limistéar timpeall ar bhaile mór i gContae Chorcaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** An bhfuil an abhainn a thaispeántar san fhótagraf sa chúrsa uachtair nó sa chúrsa íochtair?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

An cúrsa uachtair ☐

An cúrsa íochtair ☐

**(ii)** Ainmnigh gné abhann **amháin** is féidir a fheiceáil san fhótagraf.




**(iii)** Mínigh **dhá** chúis a bhforbraíonn bailte go minic gar d'aibhneacha.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Athraíonn bailte móra agus cathracha le himeacht aimsire. Féadann mórán iarmhairtí éagsúla teacht de bharr athrú uirbeach.





**(i)** Ainmnigh baile mór nó cathair **amháin** a ndearna tú staidéar air/uirthi ar tharla athrú uirbeach ann/inti.


**(ii)** Mínigh tionchar diúltach **amháin** a bhaineann leis an athrú uirbeach sa bhaile mór nó sa chathair a d'ainmnigh tú i gcuid **(i)**.



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 8**

**(a)** Déan staidéar ar léarscáil an domhain thíos ar a dtaispeántar na mórphlátaí agus teorainneacha na bplátaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.




**(i)** Cé acu de na plátaí seo a leanas a bhfuil Éire suite air? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Pláta Nazca ☐
- Pláta an Aigéin Chiúin ☐
- Pláta na hEoráise ☐
- Pláta na hAfraice ☐

**(ii)** Cad a thugtar ar shraith uachtair an domhain atá comhdhéanta de phlátaí?

| |
|---|
| |

**(iii)** Ainmnigh **dhá** phláta atá ag scaradh ó chéile.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(iv)** Ainmnigh **dhá** thírghné a chruthaítear nuair a scarann plátaí ó chéile.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |


**(b) (i)** Ainmnigh sampla de raon fillsléibhte atá suite taobh amuigh d'Éirinn agus a ndearna tú staidéar orthu.

**(ii)** Tarraing léaráid lipéadaithe sa spás thíos chun foirmiú fillsléibhte ag teorainn plátaí atá ag bualadh le chéile a thaispeáint. Lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas ar do léaráid:

- Dhá phláta ag bualadh le chéile
- Sruthanna comhiompair
- Maintlín
- Fillsléibhte.

**(c)** Déan staidéar ar an tábla agus ar an gcairt pháirtchríochnaithe thíos ina dtaispeántar eolas ar na hocht gcrith talún is láidre ar taifead riamh agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

| Áit agus Bliain de na hOcht gCrith Talún is Láidre ar Taifead (de réir Méide) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Áit agus bliain** | An tSile 1960 | Alasca, SAM 1964 | An tAigéan Indiach 2004 | An tSeapáin 2011 | An Rúis 1952 | An tSile 2010 | Eacuadór-An Cholóim 1906 | Alasca, SAM 1965 |
| **Méid** | 9.5 | 9.2 | 9.1 | 9.1 | 9 | 8.8 | 8.8 | 8.7 |




**(i)** Comhlanaigh an chairt thuas agus bain úsaid as an eolas ón tabla le haghaidh na **dtrí** bharra atá ar iarraidh.


**(ii)** Ar cén mhéid a bhí an crith talún sa tSeapáin i 2011?

**(iii)** Ainmnigh ionstraim **amháin** a úsáidtear chun neart creathanna talún a thomhas.


**(iv)** Mínigh bealach **amháin** chun an damáiste a dhéanann creathanna talún a laghdú.


**Ceist 9**

**(a)** **(i)** Déan gach fótagraf thíos, a bhfuil na lipéid **A** go **D** orthu, a mheaitseáil leis an ionstruim aimsire a mheaitseálann é agus an litir cheart á scríobh agat do gach ionstraim sa tábla thíos.











| Ionstraim Aimsire | Litir |
|---|---|
| Eite ghaoithe/aimsire | |
| Taifeadán Campbell-Stokes | |
| Méadar báistí | |
| Ainéimiméadar | |

Déan staidéar ar léarscáil na hÉireann thíos ar a dtaispeántar an fliuchras míosúil iomlán in Éirinn do mhí Eanáir 2020 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.





**(ii)** Thit 200-299mm báistí in Eanáir 2020 sa limistéar atá marcáilte **X** ar an léarscáil. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(iii)** Taispeánann an t-eolas sa léarscáil aimsire thuas go raibh na leibhéil fliuchrais is airde feadh chósta Iarthar na hÉireann.

Mínigh cúis **amháin** a dtiteann níos mó báistí i gceantair feadh chósta Iarthar na hÉireann.

**(b)** Déan staidéar ar an léarscáil thíos ar a dtaispeántar cúrsa Chioclón Kenneth in 2019 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.




**(i)** Cén luas gaoithe a bhí faoi Chioclón Kenneth ar an 25 Aibreán ag 6.00?
Úsáid an t-aonad tomhais ceart i do fhreagra.

| |
|---|
| |

**(ii)** Cén treo ina raibh Cioclón Kenneth ag gluaiseacht sular tháinig sé i dtír?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Siar ☐ Soir ☐ Ó Thuaidh ☐

**(iii)** Ainmnigh teagmhas suntasach aimsire a ndearna tú staidéar air, seachas Cioclón Kenneth.

| |
|---|
| |

**(iv)** Liostaigh **trí** iarmhairt a bhí ag an teagmhas suntasach aimsire a ndearna tú staidéar air.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(c)** Is féidir le tubaistí nádúrtha brú a chur ar dhaoine a gcuid tithe a fhágáil.

**(i)** Sampla amháin de thoisc bhrú is ea tubaiste nádúrtha. Tá liosta sa tábla thíos de thosca eile a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí imirce. Cuir ciorcal thart ar na **trí** cinn de na tosca brú atá liostaithe sa tábla.

| | | |
|---|---|---|
| Deiseanna fostaíochta | Siopaí agus seirbhísí in aice láimhe | Géarleanúint |
| Dífhostaíocht | Gorta | Scoileanna maithe |

**(ii)** Tugtar réigiún bronntach ar an gceantar a n-imíonn duine uaidh nuair a théann sé nó sí ar imirce.

Pléigh tionchar **amháin** atá ag an imirce amach ar réigiúin bhronntacha.

Spás breise do fhreagraí.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás do léaráid(í)



| roimhe | lch | reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

Spás breise do fhreagraí.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás do léaráid(í)

## Admhálacha

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 3: *Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann*, https://www.gsi.ie/documents/Geoschol_Mayo_Geology.pdf (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhá ar leathanach 3: *Irish Times*, https://www.irishtimes.com (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhá ar leathanach 6: www.geohive.ie (Arna rochtain: Samhain 2020).

Íomhá ar leathanach 8: www.printable-maps.blogspot.com (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhá ar leathanach 9: www.garethwray.com (Léite ar: Meitheamh 2020).

Íomhá ar leathanach 11: *Coimisiún na Scrúduithe Stáit.*

Íomhá ar leathanach 12: *Our World in Data*, https://ourworldindata.org/world-population-growth (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhánna ar leathanach 15: https://www.dearborncounty.org (Arna rochtain: Eanáir 2021); *Scoilnet Maps* https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html *(*Léite ar: Nollaig 2020).

Íomhánna ar leathanach 17 cruthaithe ag úsáid https://icograms.com/icograms-designer.php (Léite ar: Meitheamh 2020).

Íomhá ar leathanach 18: https://www.bruckanawindfarm.ie/the-wind-farm/location/ agus *Scoilnet Maps* https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html (Léite ar: Eanair 2021).

Íomhá ar leathanach 20: http://ballincolligtidytowns.ie/images-of-ballincollig-past/ (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhánna ar leathanach 21: https://images.thestar.com/UazABROX0lhn-rYmutkuryp-9TU=/1200x795/smart/filters:cb(2700061000)/https://www.thestar.com/content/dam/thestar/opinion/editorials/2012/01/01/natural_cities_on_an_urban_planet/urbansprawl.jpeg (Léite ar: Eanáir 2021); https://www.coolgeography.co.uk (Léite ar: Eanair 2021); https://c1.staticflickr.com/1/127/352155011_e28f65923e_b.jpg (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhá ar leathanach 22: *Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann*, www.gsi.ie (Léite ar: Lúnasa 2020).

Íomhánna ar leathanach 25: https://commons.wikimedia.org (Léite ar: Eanáir 2021); https://4.imimg.com/data4/CS/NN/MY-4176277/wind-vane-wind-direction-500x500.jpg (indiamart.com) (Léite ar: Eanáir 2021); https://commons.wikimedia.org (Léite ar: Eanáir 2021); https://www.garlandproducts.com (Léite ar: Eanáir 2021).

Íomhá ar leathanach 26: *Met Éireann*, www.met.ie (Léite ar: Lúnasa 2020).

Íomhá ar leathanach 27: https://www.apdnews.com/breaking-news/949889.html (Léite ar: Eanáir 2021).

**Texts**

Alt ar leathanach 3: *Irish Independent*, https://www.independent.ie (Léite ar: Feabhra 2021).

Sonraí ar leathanach 12: http://hdr.undp.org/en/content/table-4-gender-development-index (Léite ar: Nollaig 2020).

Alt ar leathanach 13: https://reliefweb.int/report/south-sudan/over-7000-pupils-accessed-quality-education-eu-humanitarian-funding-south-sudan (Léite ar: Nollaig 2020).

Alt ar leathanach 17: https://ieefa.org/ireland-moves-forward-with-70-by-2030-green-energy-goal/ (Léite ar: Meitheamh 2020).

Sonraí ar leathanach 24: *United States Geological Service*, https://www.usgs.gov (Léite ar: Eanáir 2021).

D'fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Tíreolaíocht

Dé hAoine 10 Meitheamh
Maidin 9:30 - 11:30